# Oiliúint do Phríomhoidí

Cláraigh ar ár suíomh: https://www.foras.ie/oiliuint-do-phriomhoidi/

Pátrún Lán-Ghaeilge
Do Scoileanna Lán-Ghaeilge

AN FORAS PÁTRÚNACHTA



**27 DF 2022**
**Déardaoin, 7in**

## Clárúchán

*Beartas scoile, foirmeacha eagsúla, srl.*



# Clár an Chruinnithe

- Polasaí Caighdeánach AFP
- An Fógra Bliantúil
- Critéir Roghnúcháin
- Liostaí Feithimh
- Cáipéisí Clárúcháin – ceart & mícheart

AN FORAS PÁTRÚNACHTA



# Polasaí Iontrála na Scoile

## Leagan Caighdeánach AFP

- Cruthaithe ag AFP in Earrach 2020
- Seisiún Comhairliúcháin le POí i Mí na Nollag 2020
- Má tá aon mhír seachas líon na naíonán le hathrú ní mór teagmháil a dhéanamh le AFP agus cead a fháil.

Teimpléid ar fáil ar foras.ie/polasaithe

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

# An Fógra Bliantúil

## Cathain ar cheart an FB a dhéanamh?

- Ní mór don bhord Fógra Iontrála Bliantúil na scoile a ullmhú agus a fhoilsiú
- Ní mór don fhógra a bheith foilsithe 1 seachtain ar a laghad sular féidir leis an scoil glacadh le hiarratais iontrála
- Ní féidir glacadh le hiarratais roimh 1 Deireadh Fómhair le linnn na bliana roimh theacht isteach sa scoil
- Ní mór don fhógra a bheith foilsithe ar láithreán gréasáin na scoile agus fanacht ansin i rith na bliana scoile
- Ní mór don fhógra a bheith ar fáil ar iarratas scríofa freisin.

Teimpléid ar fáil ar foras.ie/polasaithe

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

# An Fógra Bliantúil

## Cén sort eolais nár cheart a bhailiú?

- De réir na nDlíthe Cosanta Sonraí (GDPR) níor cheart aon eolas nach bhfuil ag teastáil ag an gcéim seo a bhailiú. Mar Shampla:
    - Uimhir PPS
    - Gairm na dtuistí
    - Eolas faoi chreideamh an pháiste
    - Eolas Vaicsínithe

- Caithfear bunús dlíthiúil a bheith ann do gach sonraí a bhailímid

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

# Na Critéir Roghnúcháin

## Cad iad agus cén t-ord?

Is iad seo na critéir chaighdeánacha:

1. Siblíní* dhaltaí reatha na scoile
2. Páistí a bhfuil líofacht áirithe sa Ghaeilge acu
3. Páistí a bhfuil siblín* acu a d'fhreastail ar an scoil cheana féin
4. De réir aoise; an páiste is sine ar dtús

NB: Is achoimre é seo. Féach an teimpléad ar www.foras.ie chun an fhoclaíocht bheacht a fháil.

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

# Na Critéir Roghnúcháin

## Cén t-ord?

- Beidh rogha ag scoileanna maidir le hord na gcritéar
- Bíodh an critéar maidir le hAois an Dalta ina chritéar deireanach i gcónaí
- Ligfidh sé seo do scoileanna tús áite a thabhairt do pháistí a bhfuil leibhéal líofachta sa Ghaeilge acu más mian leo
- Tá Bord Stiúrtha AFP sásta go mbeadh suntas a thabhairt do shiblíní iardhaltaí na scoile ina chritéar roghnach ach go dtuigfidh scoileanna go bhféadfaí go mbrúfaí siblíní reatha síos an liosta dá mbeadh an-ró-éileamh ar an scoil

Tuilleadh eolais ar an gcáipéis 'Ceisteanna Coitianta' ar www.foras.ie

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

# Critéar na Gaeilge

## Conas a mheasfaimid leibhéal líofachta an pháiste?

- Tá sé tábhachtach go leagann an Bord Tairseach Líofachta amach
- Tá treoircháipéis ullmhaithe ag AFP mar thacú le scoileanna chun líofacht a mheas
- Ní féidir iachall a chur ar pháiste dul faoi agallamh
  - Seisiún spraoi
  - Físeán (Beirt seachas an Príomhoide á mheas)
- Ní féidir páistí a rangú de réir líofachta
- Ní leor tuairim an PO nó aithne ar an iarratasóir

Teimpléid ar fáil ar foras.ie/polasaithe

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

# Critéar na Gaeilge

Tábhachtach

- Tá an fhreagracht go hiomlán ar an tuismitheoir fianaise leordhóthanacha ar líofacht a sholáthar don scoil agus líofacht sa Ghaeilge a éileamh ar an bhfoirm iarratais. Mura n-éilítear é sin ar an bhfoirm iarratais, ní féidir leas a bhaint as an gcritéir.

- Agus cinneadh á dhéanamh, ní féidir leis an scoil aon rud seachas an fhianaise atá tugtha a mheas.

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

# Liostaí Feithimh / Achomharc 29

Liostaí

- **Príomhliosta feithimh**: Iarrastasóirí nach bhfuair tairiscint sa chéad bhabhta agus ar aghaidh (in ord de réir na gcritéar)
- **Liosa feithimh forlíontach**: Iarratais atá mall agus ró-éileamh. Bronnfar áit de réir ord na gcritéar ag an am a bheidh spás ar fáil.
- Beidh na héisteachtaí i gcás **Achomhairc 29** beo arís (tar éis covid)

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

# Cad nár chóir a dhéanamh - sampla

[redacted]

**Foirm Chlárúcháin 2023/2024**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ainm an Pháiste<br>Child's Name | | | |
| Dáta Breithe<br>Date of Birth | | Uimhir PPS<br>PPS Number | |
| Ainm de réir Teastas Breithe<br>Birth Certificate forename | | Sloinne de réir Teastas Breithe<br>Birth Certificate Surname | |
| Dáta & áit Baiste/Date & Place of Baptism | | An bhfuil Teastas Breithe ceangailte le seo? Have you attached Birth Cert? | Yes ☐ No ☐ |
| Creideamh/Religion | | Náisiúntacht/Nationality | |
| Ainm & Sloinne na Máthar<br>Mother's Name & Surname | | Ainm & Sloinne an Athar<br>Father's Name & Surname | |
| Seoladh Baile<br>Home Address | | Seoladh Baile<br>Home Address | |
| Uimhir Bhaile<br>Home Telephone | | Uimhir Bhaile<br>Home Telephone | |
| Fón Oibre<br>Work Number | | Fón Oibre<br>Work Number | |
| Fón Póca<br>Mobile | | Fón Póca<br>Mobile | |
| Ríomhphoist na Máthar<br>Mother's Email | | Ríomhphoist an Athar<br>Father's Email | |
| Ar fhreastal do pháiste ar aon scoil/naíonraí roimhe seo?/Any previous school/preschool attended? | | | |

| |
|---|
| **Aon dhearthaír/dheirfiúr ag frestail ar an scoil agus cén rang ina bhfuil said?** Any sibling currently attending or previously attended the school? Please state current class, if applicable. |
| |

| | |
|---|---|
| Aon eolas úsáideach eile<br>Any other useful information | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Síniú/Signature | 1. | Dáta/Date | |
| | 2. | | |

Seol an fhoirm seo trí ríomhphost Onó sa phost chuig na scoile.

Please scan or email this form to, or post it to arrive at the school address stated above.

*Go raibh maith agat*

# Foirm Chlárúcháin 1

Iarratas ar áit scoile

## Gaelscoil 123

**Foirm Chlárúcháin do Naíonáin Bheaga 2023-24**

Registration form for Junior Infants 2023-24

**Glacfar le foirmeacha ó 01.11.22 go 30.11.22**

Forms will be accepted from 01.11.22 to 30.11.22

**Sloinne an Pháiste:** ____________________ **Céad Ainm(neacha) :** ____________________

Surname of child First Name(s)

**Seoladh:** ____________________________________________________________

Address ____________________________________________________________

____________________________________________________________

**Dáta Breithe:** ____/____/____

Date of Birth

**Tuismitheoir/Caomhnóir 1: Ainm** ____________________ **Uimhir:** ________________

Parent/Guardian 1: Name Number

**Ríomhphost** / Email: ____________________________________________________

**Tuismitheoir/Caomhnóir 2: Ainm** ____________________ **Uimhir:** ________________

Parent/Guardian 2: Name Number

**Ríomhphost** / Email: ____________________________________________________



**1. An bhfuil siblín(í)* ag an bpáiste ag freastal ar an scoil faoi láthair? Má tá, cad is ainm dóibh?**

1. Does the child have a sibling(s)*, currently attending the school? If so, what is their name?

____________________________________________________________

**2. An bhfuil siblín(í)* ag an bpáiste atá ina (h)iar-dhalta scoile? Má tá, cad is ainm dóibh agus cén bhliain ar fhág siad an scoil?**

2. Does the child have a sibling(s)* who is a past pupil of the school? If so, what is their name and what year did they leave the school?

____________________________________________________________

**3. An deimhin gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge agus gur dhócha go rachadh an líofacht sin ar gcúl mura ligfí isteach i scoil lán-Ghaeilge é/í?****

3. Has the child developed a level of fluency in Irish which would be likely to decline if he / she is not admitted to an all-Irish school? **

____________________________________________________________

***Is ionann sin agus deartháir, deirfiúr, leath-shiblín, páiste altramaigh nó uchtaithe**

That refers to a brother, sister, half-sibling, foster sibling or adopted sibling

****Beidh an dualgas iomlán ar thuismitheoirí/chaomhnóirí fianaise leordhóthanach a chur ar fáil chun leibhéal líofachta sa Ghaeilge a léiriú don bhord. Féach eolas breise sa cháipéis ábhartha atá ar fáil ón scoil.**

The onus will be on parents / guardians to provide sufficient evidence to demonstrate to the board the child's level of fluency in Irish. See further information in the relevant document available from the school.

**Seol ar ríomhphost go / Return by email to: claruchan@gaelscoil.ie**

**Míle buíochas**

# Go raibh maith agaibh

Faigh sleamhnáin & taifead ón seisiún inniu ag:
www.foras.ie/oiliuint-do-phriomhoidi/

AN FORAS PÁTRÚNACHTA